RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1688 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Meán Fómhair 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201 a mhéid a bhaineann leis na liostaí de phlandaí óstacha agus plandaí sonraithe, agus leis na tástálacha chun *Xylella fastidiosa* a shainaithint

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 28(1) agus (2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201 ón gCoimisiún ([2]), is Rialachán é atá i bhfeidhm ó bhí Lúnasa 2020 ann chun ionas nach leathfaidh *Xylella fastidiosa* a thuilleadh laistigh den Aontas, agus nach dtabharfar isteach san Aontas é a thuilleadh (Wells *et al.*) ("an lotnaid shonraithe").

(2) Tá foráil i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201 maidir le seiceálacha oifigiúla ar theacht isteach san Aontas do phlandaí óstacha. Tagraíonn an fhoráil sin do na seiceálacha oifigiúla atá le déanamh ag an bpointe iontrála chun an Aontais isteach, sin nó ar láthair an chinn scríbe a leagtar síos i gcomhréir le Treoir 2004/103/CE ón gCoimisiún ([3]). Laistigh den chreat nua maidir le seiceálacha oifigiúla a bunaíodh le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 ón gCoimisiún ([5]) leagadh rialacha nua síos maidir le seiceálacha oifigiúla a dhéantar ag pointí rialaithe nach poist rialaithe teorann iad. Rinneadh Treoir 2004/103/CE a aisghairm le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123, agus éifeacht ag an aisghairm sin ón 14 Nollaig 2020. Is iomchuí, dá bhrí sin, tagairt do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 a chur in ionad na tagartha don Treoir sin.

(3) An 23 Meitheamh 2021, rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia an bunachar sonraí de phlandaí óstacha atá soghabhálach i leith *Xylella fastidiosa* a thabhairt cothrom le dáta (Wells *et al.*). Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201 a leasú dá réir.

(4) Ar mhaithe leis an trédhearcacht agus leis an tsoiléireacht, i gcás gach ceann de na tástálacha a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201, is iomchuí an tAitheantóir Oibiachta Digití (DOI) a shonrú, rud lenar féidir rochtain dhíreach a fháil ar na hailt eolaíocha ina ndéantar cur síos ar na tástálacha sin.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201 ón gCoimisiún an 14 Lúnasa 2020 maidir le bearta chun leathadh *Xylella fastidiosa* laistigh den Aontas a chosc, maille lena thabhairt isteach san Aontas (Wells *et al.*) laistigh den Aontas (IO L 269, 17.8.2020, lch. 2)

([3]) Treoir 2004/103/CE ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2004 maidir le seiceálacha aitheantais agus seiceálacha sláinte plandaí i ndáil le plandaí, táirgí plandaí nó nithe eile a liostaítear i gCuid B d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2000/29/CE ón gComhairle, seiceálacha a fhéadfar a dhéanamh in áit eile seachas an pointe iontrála chun an Chomhphobail isteach, sin nó in áit atá gar don phointe sin, agus lena sonraítear na coinníollacha a bhaineann leis na seiceálacha sin (IO L 313, 12.10.2004, lch. 16).

([4]) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir leis na cásanna ina bhféadfar seiceálacha aitheantais agus seiceálacha fisiceacha ar tháirgí áirithe a dhéanamh ag pointí rialaithe agus ina bhféadfar seiceálacha doiciméadacha a dhéanamh i gcéin ó phoist rialaithe teorann (IO L 321, 12.12.2019, lch. 64).

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201 a leasú dá réir.

(6) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201 mar a leanas:

(1) In Airteagal 33, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Gach coinsíneacht de phlandaí óstacha a thabharfar isteach san Aontas ó thríú tír, seiceálfar go hoifigiúil í ag post rialaithe teorann an chéad teacht isteach san Aontas, sin nó ag pointe rialaithe sna cásanna agus faoi na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 ón gCoimisiún'.

(2) an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, cuirtear é in ionad Iarscríbhinn I;

(3) an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, cuirtear é in ionad Iarscríbhinn II;

(4) an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo, cuirtear é in ionad Iarscríbhinn IV.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201:

"IARSCRÍBHINN I

Liosta plandaí arb eol go bhfuil siad soghabhálach i leith fospeiceas amháin nó níos mó den lotnaid shonraithe ("plandaí óstacha")

Acacia

Acer

Adenocarpus lainzii

Albizia julibrissin Durazz.

Alnus rhombifolia Nutt.

Amaranthus retroflexus L.

Ambrosia

Ampelopsis arborea (L.) Koehne

Ampelopsis brevipedunculata (Maxim.) Trautv.

Ampelopsis cordata Michx.

Anthyllis hermanniae L.

Artemisia

Asparagus acutifolius L.

Athyrium filix-femina

Baccharis

Brassica

Calicotome spinosa (L.) Link

Calicotome villosa (Poiret) Link

Callicarpa americana L.

Callistemon citrinus (Curtis) Skeels

Calluna vulgaris (L.) Hull

Carya

Catharanthus roseus

Celtis occidentalis L.

Cercis canadensis L.

Cercis occidentalis Torr.

Cercis siliquastrum L.

Chamaecrista fasciculata (Michx.) Greene

Chenopodium album L.

Chionanthus

Chitalpa tashkentensis T. S. Elias & Wisura

Cistus

Citrus

Clematis cirrhosa L.

Coelorachis cylindrica (Michx.) Nash *Coffea*

Conium maculatum L.

Convolvulus cneorum L.

Coprosma repens A.Rich.

Coronilla

Cyperus eragrostis Lam.

Cytisus

Digitaria

Diospyros kaki L.f.

Diplocyclos palmatus (L.) C.Jeffrey

Dodonaea viscosa (L.) Jacq.

Echium plantagineum

Elaeagnus angustifolia L.

Encelia farinosa A. Gray ex Torr.

Eremophila maculata (Ker Gawler) F. von Müller.

Erigeron

Erodium moschatum (L.) L'Hérit.

Erysimum hybrids

Euphorbia chamaesyce L.

Euphorbia terracina L.

Euryops chrysanthemoides (DC.) B.Nord

Euryops pectinatus (L.) Cass.

Fagus crenata Blume

Fallopia japonica (Houtt.) Ronse Decr.

Fatsia japonica (Thunb.) Decne. & Planch.

Ficus carica L.

Fortunella

Frangula alnus Mill.

Fraxinus

Genista

Ginkgo biloba L.

Gleditsia triacanthos L.

Grevillea juniperina Br.

Hebe

Helianthus

Helichrysum

Heliotropium europaeum L.

Hemerocallis

Hevea brasiliensis (Willd. ex A.Juss.) Müll.Arg.

Hibiscus

Humulus scandens (Lour.) Merr.

Ilex aquifolium L.

Ilex vomitoria Sol. ex Aiton

Iva annua L.

Jacaranda mimosifolia D. Don

Juglans

Juniperus ashei J. Buchholz

Koelreuteria bipinnata Franch.

Lagerstroemia

Laurus nobilis L.

Lavandula

Lavatera cretica

Ligustrum lucidum L.

Liquidambar styraciflua L.

Lonicera implexa

Lonicera japonica Thunb.

Lupinus aridorum

Lupinus villlosus

Magnolia grandiflora L.

Mallotus paniculatus (Lam.) Müll.Arg.

Medicago arborea L.

Medicago sativa L.

Metrosideros

Mimosa

Modiola caroliniana (L.) G. Don

Morus

Myoporum insulare R. Br.

Myrtus communis L.

Nandina domestica Murray

Neptunia lutea (Leavenw.) Benth.

Nerium oleander L.

Olea

Osteospermum ecklonis DC.

Osteospermum fruticosum (L.) Norl.

Parthenocissus quinquefolia (L.) Planch.

Paspalum dilatatum Poir.

Pelargonium

Perovskia abrotanoides

Persea americana Mill.

Phagnalon saxatile (L.) Cass.

Phillyrea angustifolia L.

Phillyrea latifolia L.

Phlomis fruticosa L.

Phoenix

Pinus taeda L.

Pistacia vera L.

Plantago lanceolata L.

Platanus

Pluchea odorata (L.) Cass.

Polygala grandiflora

Polygala myrtifolia L.

Prunus

Psidium

Pteridium aquilinum

Pyrus

Quercus

Ratibida columnifera (Nutt.) Wooton & Standl.

Rhamnus

Rhus

Robinia pseudoacacia L.

Rosa

Rosmarinus

Rubus

Ruta chalapensis

Salvia mellifera Greene

Salvia officinalis

Salvia rosmarinus

Sambucus

Santolina chamaecyparissus L.

Santolina magonica

Sapindus saponaria L.

Sassafras

Setaria magna Griseb.

Solidago fistulosa Mill.

Solidago virgaurea L.

Sorghum halepense (L.) Pers.

Spartium

Stewartia pseudocamellia

Strelitzia reginae Aiton

Streptocarpus

Symphyotrichum divaricatum (Nutt.) G.L.Nesom

Teucrium capitatum L.

Trifolium repens L.

Ulex

Ulmus

Vaccinium

Vinca

Vitis

Westringia fruticosa (Willd.) Druce

Westringia glabra R.Br.

Xanthium strumarium L.”

IARSCRÍBHINN II

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201:

"IARSCRÍBHINN II

Liosta plandaí arb eol go bhfuil siad soghabhálach i leith fospeicis ar leith den lotnaid shonraithe ("plandaí óstacha")

Plandaí sonraithe atá soghabhálach i leith an fhospeicis *fastidiosa* de *Xylella fastidiosa*

Acer

Ambrosia artemisiifolia L.

Calicotome spinosa (L.) Link

Cercis occidentalis Torr.

Cistus monspeliensis L.

Citrus sinensis (L.) Osbeck

Coffea

Erysimum

Genista lucida L.

Juglans regia L.

Lupinus aridorum

Magnolia grandiflora L.

Medicago sativa L.

Metrosideros

Morus

Nerium oleander L.

Pluchea odorata (L.) Cass.

Polygala myrtifolia L.

Psidium

Prunus

Rhamnus alaternus L.

Salvia rosmarinum

Rubus rigidus Sm.

Rubus ursinus Cham. & Schldl.

Ruta chalapensis

Sambucus

Spartium junceum L.

Streptocarpus

Teucrium capitatum L.

Ulmus americana L.

Vaccinium corymbosum

Vinca

Vitis

Plandaí sonraithe atá soghabhálach i leith an fhospeicis *multiplex* de *Xylella fastidiosa*

Acacia

Acer griseum (Franch.) Pax

Acer pseudoplatanus L.

Acer rubrum L.

Adenocarpus lainzii

Alnus rhombifolia Nutt.

Ambrosia

Ampelopsis cordata Michx.

Anthyllis hermanniae L.

Artemisia

Athyrium filix-femina

Asparagus acutifolius L.

Baccharis halimifolia L.

Calicotome spinosa (L.) Link

Calicotome villosa (Poir.) Link

Callistemon citrinus (Curtis) Skeels

Calluna vulgaris (L.) Hull

Carya

Celtis occidentalis L.

Cercis canadensis L.

Cercis occidentalis Torr.

Cercis siliquastrum L.

Chionanthus

Cistus

Clematis cirrhosa L.

Convolvulus cneorum L.

Coprosma repens A. Rich.

Coronilla

Cytisus

Dodonaea viscosa (L.) Jacq.

Echium plantagineum

Elaeagnus angustifolia L.

Encelia farinosa Gray ex Torr.

Erigeron

Erodium moschatum

Euryops chrysanthemoides (DC.) B.Nord.

Euryops pectinatus (L.) Cass.

Fallopia japonica (Houtt.) Ronse Decr.

Ficus carica L.

Frangula alnus Mill.

Fraxinus

Genista

Ginkgo biloba L.

Gleditsia triacanthos L.

Grevillea juniperina Br.

Hebe

Helianthus

Helichrysum

Hibiscus syriacus

Ilex aquifolium L.

Iva annua L.

Koelreuteria bipinnata Franch.

Lagerstroemia

Laurus nobilis L.

Lavandula

Lavatera cretica

Liquidambar styraciflua L.

Lonicera

Lupinus aridorum

Lupinus villosus Willd.

Magnolia grandiflora L.

Medicago arborea L.

Medicago sativa L.

Metrosideros

Myrtus communis L.

Nerium oleander

Olea

Osteospermum ecklonis (DC.) Norl.

Pelargonium

Perovskia abrotanoides

Phagnalon saxatile (L.) Cass.

Phillyrea angustifolia L.

Phillyrea latifolia

Phlomis fruticosa L.

Pistacia vera L.

Plantago lanceolata L.

Platanus

Polygala myrtifolia L.

Polygala grandiflora

Prunus

Pteridium aquilinum

Quercus

Ratibida columnifera (Nutt.) Wooton & Standl.

Rhamnus

Robinia pseudoacacia L.

Rosa

Rosmarinus

Rubus

Salvia mellifera Greene

Salvia officinalis

Salvia rosmarinus

Sambucus

Santolina chamaecyparissus L.

Santolina magonica

Sapindus saponaria L.

Solidago virgaurea L.

Spartium

Strelitzia reginae Aiton

Ulex

Ulmus

Vaccinium

Vinca

Westringia fruticosa Guerin.

Xanthium strumarium L.

Plandaí sonraithe atá soghabhálach i leith an fhospeicis *pauca* de *Xylella fastidiosa*

Acacia

Amaranthus retroflexus L.

Asparagus acutifolius L.

Catharanthus roseus (L.) G. Don

Chenopodium album L.

Cistus albidus L.

Cistus creticus L.

Citrus

Coffea

Dodonaea viscosa (L.) Jacq.

Eremophila maculata (Ker Gawler) F. von Müller.

Erigeron

Euphorbia chamaesyce L.

Euphorbia terracina L.

Grevillea juniperina Br.

Hebe

Heliotropium europaeum L.

Hibiscus

Laurus nobilis L.

Lavandula

Myoporum insulare Br.

Myrtus communis L.

Nerium oleander L.

Olea europaea L.

Osteospermum fruticosum (L.) Norl.

Pelargonium

Phillyrea latifolia L.

Pistacia vera

Polygala myrtifolia L.

Prunus

Rhamnus alaternus L.

Spartium junceum L.

Ulmus parviflorus

Vinca minor L.

Westringia fruticosa (Willd.) Druce

Westringia glabra Br."

IARSCRÍBHINN III

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1201:

"IARSCRÍBHINN IV

Tástálacha chun *Xylella fastidiosa* agus a chuid fospeiceas a shainaithint

A. **Scagthástálacha chun láithreacht *Xylella fastidiosa* a shainaithint**

1. PCR fíor-ama bunaithe ar Harper *et al.*, 2010 (agus *erratum* 2013) ([1]);
2. Aimpliúchán isiteirmeach trí mheán lúb (LAMP), rud atá bunaithe ar phrímeálaigh a d'fhorbair Harper *et al.* 2010 (agus *erratum* 2013) ([2]);
3. PCR fíor-ama bunaithe ar Ouyang *et al.*, 2013 ([3])
4. Gnáth-PCR bunaithe ar Minsavage et al. 1994 ([4])

B. **Tástálacha móilíneacha chun fospeicis *Xylella fastidiosa* a shainaithint**

1. Tíopáil trí anailís ar sheicheamh il-lócais (MLST), bunaithe ar Yuan et al., 2010, chun láithreacht gach fospeicis a aimsiú ([5]);
2. PCR bunaithe ar Hernandez-Martinez et al., 2006, chun láithreacht na bhfospeiceas *fastidiosa*, *multiplex* agus *sandyi* ([6]) a aimsiú;
3. PCR bunaithe ar Pooler & Hartung 1995 chun an fospeiceas *pauca* ([7]) a aimsiú.

([1]) DOI: 10.1094/PHYTO-06-10-0168
([2]) DOI: 10.1094/PHYTO-06-10-0168
([3]) DOI: 10.1371/journal.pone.0081647
([4]) DOI:10.1094/Phyto-84-456
([5]) DOI: 10.1094/PHYTO-100-6-0601
([6]) DOI: 10.1094/PD-90-1382
([7]) DOI: 10.1007/BF00294703"